



**Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas**
Irish Human Rights and Equality Commission

Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2021–22

Treoir d'Iarratais ar Dheontas

Clár an Ábhair

1.	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.....	3
1.1	Cuspóir agus Sainordú.....	3
1.2	Ráiteas Straitéise 2019–2021.....	3
2	Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2021–22	5
2.1	Réamhrá agus Forléargas.....	5
2.2	Snáitheanna	6
2.3	Iarratasóirí Incháilithe	7
2.4	Míniú ar na Snáitheanna.....	7
2.5	Cuir chuige agus torthaí	9
2.6	Cineálacha Gníomhaíochta lena dTacófar	10
3	Iarratas a dhéanamh ar Dheontas	11
3.1	Réamhrá agus Forléargas.....	11
3.2	Foirm Iarratais.....	12
4	Measúnú agus Marcáil.....	17
4.1	Meastóireacht ar Iarratais	17
4.2	Marcáil agus Critéir Mheasúnaithe.....	17
4.3	Fógra faoin Toradh.....	17
4.4	Coinníollacha Tairisceana.....	17
4.5	Íocaíocht Deontais	18
4.6	Tuairiscí Monatóireachta agus Eatramhacha	18
4.7	Tuairisc Dheiridh Tionscadail agus Airgeadais	18
4.8	Lógó an Choimisiúin a Úsáid	19
4.9	Athbhreithniú an Choimisiúin	19
5	Tacaíocht d'Iarratas ar Dheontas IHREC	20
	Aguisín A: Ráiteas Straitéise 2019–2021 de chuid IHREC	21
	Aguisín B: Tionscadail Bunaithe ar Chearta an Duine agus Comhionannas	24
	Aguisín C: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine	25
	Aguisín D: Scéim Mharcála.....	27

1. Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

1.1 Cuspóir agus Sainordú

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ('an Coimisiún'), a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014* ('an tAcht'). Is é an Coimisiún Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas.

Faoin Acht, is iad feidhmeanna foriomlána an Choimisiúin:

- (a) Cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn;
- (b) Forbairt cultúir ina bhfuil meas ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát;
- (c) Tuiscint agus feacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát;
- (d) Dea-chleachtas a spreagadh sa chaidreamh idirchultúrtha, caoinfhulaingt agus glacadh leis an éagsúlacht sa Stát agus meas ar shaoirse agus ar dhínit gach duine a chur chun cinn; agus
- (e) Oibriú chun drochbhearta maidir le cearta an duine, le hidirdhealú agus le hiompar toirmisce a dhíchur.

Leagtar amach *Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine* in Alt 42 den Acht, dualgas lena leagtar oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint, dóibh siúd a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh, agus don fhoireann i mbun a n-oibre go laethúil. Tugann an Coimisiún treoir do chomhlachtaí poiblí le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i leith chearta an duine agus comhionannais.¹

1.2 Ráiteas Straitéise 2019–2021

D'fhoilsigh an Coimisiún an dara ráiteas straitéise uaidh i mí Feabhra 2019. Leagtar amach ceithre thosaíocht straitéiseacha i Ráiteas Straitéise 2019–2021:

¹ <https://www.ihrec.ie/ga/our-work/public-sector-duty>

1. Cearta na ndaoine aonair a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint;
2. Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas
3. Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine; agus
4. Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú.

Leagtar amach ceithre thosaíocht leathana i Ráiteas Straitéise 2019–2021 de chuid an Choimisiúin freisin:

1. Teacht ar cheartas a chur chun cinn;
2. Cearta socheacnamaíocha;
3. Ciníochas a shárú agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn; agus
4. Míchumas.

Tá cur síos iomlán ar Thosaíochtaí Straitéiseacha an Choimisiúin in [Aguisín A](#).

2 Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2021–22

2.1 Réamhrá agus Forléargas

Tugann an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 cumhachtaí don Choimisiún chun deontais a thabhairt do chomhlachtaí chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí áirithe chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn in Éirinn.

I *Ráiteas Straitéise 2019–2021* dá chuid, leag an Coimisiún amach mar thosaíochtaí leathana cearta sóisialta agus eacnamaíocha a chur chun cinn; ciníochas a shárú agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn; agus cearta daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn. Is mian leis an gCoimisiún tacú leis na daoine a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach agus iad a chumasú chun na cearta sin a thuiscint agus a éileamh.

Thug an Coimisiún tús áite dá chaidreamh a neartú le heagraíochtaí sochaí sibhialta a oibríonn chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú agus sárúithe ar chearta an duine agus dá rannpháirtíocht agus plé le pobail a neartú, trí thimpeallacht a chothú inar féidir cearta an duine agus an comhionannas a fhorbairt.

Dá bhrí sin, is iad aidhmeanna Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2021–22:

- cearta agus comhionannas sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn;
- ciníochas agus idirdhealú ciníoch a shárú; agus
- cearta daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn.

Tacóidh an Scéim le raon tionscadal rannpháirtíochta atá bunaithe ar chearta an duine agus an comhionannas. Tógfaidh na tionscadail a n-éireoidh leo tuiscint agus ceannaireacht; cumasóidh siad daoine agus pobail a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun a gcearta a éileamh agus a bheith páirteach i gcinntí a théann i gcion orthu; agus cabhrú le cearta an duine agus an comhionannas a chur ag croílár na reachtaíochta, beartas agus cleachtais.

Go sonrach, tá an Coimisiún tiomanta do thacú le grúpaí a chosnaítear faoi na naoi bhforas sa reachtaíocht chomhionannais: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aois, gnéaschlaonadh, míchumas, cine, reiligiún agus duine den Lucht Siúil, anuas ar dhaoine a fhulaingíonn mar gheall ar an mbochtaineacht agus idirdhealú socheacnamaíoch. Aithníonn sé freisin idirdhealú leathan agus tá sé tiomanta dá shárú, idirdhealú a fhulaingítear faoi níos mó ná ceann amháin de na forais sin (.i. idirdhealú trasnach).

2.2 Snáitheanna

Riarfar an scéim deontas faoi thrí shnáithe:

Snáithe A: Cearta agus Comhionannas Sóisialta agus Eacnamaíoch a Chur Chun Cinn

Snáithe B: Ciníochas agus Idirdealú Ciníoch a Shárú

Snáithe C: Cearta Daoine Atá Faoi Mhíchumas a Chur Chun Cinn

Faoi gach snáithe, tacóidh an scéim le tionscadal rannpháirtíochta chearta an duine agus an chomhionannais a léiríonn go soiléir an cheist chomhionannais agus/nó ceist cheart(a) an duine ar a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh, a bhfuil pobail agus/nó daoine a bhfuil cearta acu rannpháirteach go lárnach ann agus a chomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na torthaí a liostaítear i [rannóg 2.5](#).

Is é €350,000 an maoiniú iomlán atá ar fáil faoi Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2021–22.

Glacfar le tograí le haghaidh:

- Deontais bheaga suas go €6,000
- Deontais ghinearálta suas go €20,000

Is sprioc de chuid an Choimisiúin agus é ag tairiscint na scéime deontas seo é tacú le grúpaí faoi stiúir daoine a bhfuil cearta acu agus pobal. Spreagfadh sé eagraíochtaí mar sin cur isteach ar thacaíocht atá oiriúnach dá scála agus dá gcumas, laistigh de pharaiméadair na scéime a leagtar amach anseo.

Faoin Scéim seo, ní féidir le heagraíochtaí incháilithe ach **iarratas amháin** a chur isteach. Ní shonraíonn an Coimisiún líon na dtionscadal a mhaoineofar faoin scéim seo. Ach ní féidir ach líon measartha deontas a thabhairt ag an uasmhéid faoi gach cineál mar gheall

ar an méid maoinithe atá ar fáil. D'fhéadfaí suim níos ísle ná mar a luaitear san iarratas a bhronnadh ar thionscadail, ionas gur féidir níos mó tionscadal a mhaoiniú.

2.3 Iarratasóirí Incháilithe

Tá Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2021–22 oscailte d'iarratais ó eagraíochtaí sochaí sibhialta atá cláraithe i bPoblacht na hÉireann. Áirítear leis sin eagraíochtaí pobail agus deonacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí daoine a bhfuil cearta acu, grúpaí pobail bunaithe ar cheantar, grúpaí pobail sainleasa, agus ceardchumann.

Spreagtar iarratais ó ghrúpaí faoi stiúir daoine a bhfuil cearta acu agus pobal.

Caithfidh eagraíocht iarratasóra a bheith cláraithe mar chuideachta nó mar charthanas.

Fáiltítear roimh iarratais ina bhfuil comhpháirtíocht chomhoibríoch idir dhá eagraíocht nó níos mó, comhlachtaí poiblí ina measc. I gcás iarratas ina bhfuil níos mó ná comhpháirtí amháin, ní féidir ach le heagraíocht sochaí sibhialta feidhmiú mar an t-iarratasóir ceannasach. Beidh an t-iarratasóir ceannasach freagrach go hiomlán as airgeadas an togra agus as téarmaí agus coinníollacha uile aon deontais a bhronntar a chomhlíonadh.

Éilíonn an Coimisiún ar eagraíochtaí iarratasóra ráitis airgeadais/cuntais iniúchta, sonraí iarmhéid bainc agus Deimhnithe Imréitigh Cánach reatha a thabhairt sula mbronnfar aon deontas faoin Scéim seo.

2.4 Míniú ar na Snáitheanna

Snáithe A: Cearta agus Comhionannas Sóisialta agus Eacnamaíoch a Chur Chun Cinn

Tá ról bunúsach ag cearta sóisialta agus eacnamaíocha a chur chun cinn i gcomhionannas sóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach agus sochaí níos cothroime, níos ionchuimsithí agus níos inbhuanaithe a chruthú.² Tacóidh an snáithe seo le tionscadail a thugann aghaidh ar bhochtaineacht, neamhionannas sóisialta agus eacnamaíoch agus idirdhealú lena n-áirítear idirdhealú trasnach agus míbhuntáiste agus é mar aidhm leis cearta agus comhionannas sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun

² Ráiteas Straitéise 2019–2021 de chuid IHREC, lch. 8

cinn. Ní mór do na tionscadail a n-éireoidh leo an cheist chomhionannais agus/nó ceist chearta(a) an duine ar a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh a léiriú go soiléir, go bhfuil daoine a bhfuil cearta acu/pobail a mbíonn tionchar orthu rannpháirteach go lárnach iontu, lena n-áirítear daoine a fhulaingíonn mar gheall ar an mbochtaineacht, neamhionannas sóisialta agus eacnamaíoch nó idirdhealú, agus go bhfuil sé d'aidhm leo ceann amháin nó níos mó de na torthaí thíos a chomhlíonadh.

Snáithe B: Ciníochas agus Idirdhealú Ciníoch a Shárú

Tá oibriú le chéile chun ciníochas agus idirdhealú ciníoch a shárú riachtanach chun cultúr ina bhfuil meas ar chearta an duine, ar an gcomhionannas, ar thuiscint idirchultúrtha, agus Éire níos ionchuimsithí, a thógáil. Tacóidh an snáithe seo le tionscadail a sháraíonn ciníochas agus idirdhealú ciníoch, lena n-áirítear idirdhealú trasnach, agus idirdhealú agus míbhuntáiste. Ní mór do na tionscadail a n-éireoidh leo an cheist chomhionannais agus/nó ceist chearta(a) an duine ar a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh a léiriú go soiléir, go bhfuil daoine a bhfuil cearta acu/pobail a mbíonn tionchar orthu rannpháirteach go lárnach iontu, lena n-áirítear daoine ó chúlraí Dubha, mionlach eitneach, an Lucht Siúil agus Rómacha nó imirceach agus go bhfuil sé d'aidhm leo ceann amháin nó níos mó de na torthaí thíos a chomhlíonadh.

Snáithe C: Cearta Daoine Atá Faoi Mhíchumas a Chur Chun Cinn

Cabhróidh cur i bhfeidhm na gcearta a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCPRD) le sochaí a chothú ina bhfuil meas ar dhínit bhunúsach agus neamhspleáchas aonair gach duine atá faoi mhíchumas agus a rannpháirtíocht iomlán i sochaí ar comhchéim le daoine eile. Tacóidh an snáithe seo le tionscadail a thacaíonn le cur i bhfeidhm UNCPRD agus cuirfidh sé chun cinn na cearta a leagtar amach i reachtaíocht chomhionannais, ag cur idirdhealú trasnach agus míbhuntáiste san áireamh. Ní mór do na tionscadail a n-éireoidh leo an cheist chomhionannais agus/nó ceist chearta(a) an duine ar a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh a léiriú go soiléir, go bhfuil daoine faoi mhíchumas rannpháirteach go lárnach iontu, agus go bhfuil sé d'aidhm leo ceann amháin nó níos mó de na torthaí thíos a chomhlíonadh.

2.5 Cuir chuige agus torthaí

Tacóidh an scéim deontas le cuir chuige faoi Shnáitheanna A, B agus C a bhfuil d'aidhm leo ceann amháin nó níos mó de na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

1. Cumas abhcóideachta agus eagraithe neartaithe:

Tacaítear le tionscadail rannpháirtíochta chun cumas ceannaireachta agus saineolas na bpobal agus na ndaoine a bhfuil cearta acu a thógáil, chun a gcearta a thuiscint, feidhmiú mar iolraitheoirí do dhaoine a bhfuil cearta acu agus/nó iad féin a eagrú, lena n-áirítear i gcomhghuaillíochtaí nó líonraí chun tabhairt faoi abhcóideacht agus an rialtas áitiúil agus/nó náisiúnta a choinneáil cuntasach.

2. Feasacht agus tuiscint mhéadaithe:

Tacaítear le tionscadail rannpháirtíochta a chruthaíonn feasacht agus tuiscint mhéadaithe ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a bhaineann le Snáitheanna A, B nó C i gcomhthéacsanna áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta a bhfuil baint dhíreach ag pobail/daoine a bhfuil cearta acu leo.

3. Athruithe ar mheonta agus iompar a chothú:

Tacaítear le tionscadail rannpháirtíochta a fhorbraíonn acmhainní claochlaitheacha oideachais agus oiliúna bunaithe ar chearta an duine agus comhionannas le haghaidh suíomhanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla oideachais agus pobail agus forbartha leanúnaí gairmiúla atá in ann athruithe a chothú ar thuiscint, meonta agus iompar faoi na cearta agus ceisteanna a bhaineann le Snáitheanna A, B nó C agus a bhfuil baint dhíreach ag pobail/daoine a bhfuil cearta acu lena bhforbairt.

4. Fianaise mhéadaithe chun oibriú ar son reachtaíocht, beartais, straitéisí, cleachtais agus soláthar seirbhísí atá bunaithe ar chearta an duine agus comhionannas:

Tacaítear le taighde rannpháirtíochta, anailís dlí agus bheartais ar cheisteanna chearta an duine agus/nó comhionannais a bhaineann le Snáitheanna A, B nó C a chuireann bonn eolais faoi reachtaíocht, beartais agus cleachtas ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta (lena n-áirítear comhlíonadh Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine). Ba cheart go mbeadh pobail agus daoine a bhfuil cearta acu bainteach go díreach i bpróiseas an tionscadail lena n-áirítear, mar shampla, mar thaighdeoirí piara. Tacaítear le tionscadail chun tabhairt faoi

mheasúnuithe ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine ó thaobh na ndaoine a mbíonn tionchar díreach orthu, a d'fhéadfadh bonn eolais a chur faoi chur i bhfeidhm éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine chomh maith le beartas poiblí eile, straitéisí náisiúnta agus próisis soláthair seirbhíse.

5. Comhoibriú feabhsaithe idir daoine a bhfuil cearta acu/pobail agus comhlachtaí poiblí (iad siúd ar a bhfuil dualgais):

Tacaítear le tionscadail a chumasaíonn daoine a bhfuil cearta acu/pobail chun dul i mbun plé le comhlachtaí poiblí chun reachtaíocht, beartas agus cleachtas a bhaineann le Snáitheanna A, B nó C a mhúnlú, go háirithe maidir le cur i bhfeidhm agus monatóireacht Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

2.6 Cineálacha Gníomhaíochta lena dTacófar

Tacaíonn an scéim deontais le raon leathan gníomhaíochta ina mbíonn ról ceannaireachta ag pobail agus daoine a bhfuil cearta acu, agus a fhorbraítear ó thaobh chearta an duine agus comhionannais, mar shampla:

Oiliúint agus Oideachas

- Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta oiliúna agus tógála cumais; agus
- Acmhainní oideachais agus oiliúna a tháirgeadh i bhformáidí clóite, digiteacha, inrochtana nó eile.

Taighde, Anailís Dlí nó Bheartais

- Tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil agus rannpháirtíochta;
- Tabhairt faoi anailís dlí, bheartais nó straitéise agus freagraí dlí, beartais nó straitéise a tháirgeadh;
- Anailís agus taifeadadh ar eiseamláirí dea-chleachtais; agus
- Sásraí monatóireachta a fhorbairt.

Gníomhaíochtaí Ardaithe Feasachta agus Comhroinnte Foghlama

- Comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe comhleibhéil a eagrú;
- Ábhair dhigiteacha nó chlóite a fhorbairt, a fhoilsiú agus a scaipeadh;
- Feachtas a eagrú agus uirlisí digiteacha a fhorbairt; agus
- Spásanna cruthaitheachta agus/nó rannpháirtíochta a ghiniúint le haghaidh ardú feasachta, foghlama agus plé.

3 Iarratas a dhéanamh ar Dheontas

3.1 Réamhrá agus Forléargas

Caithfear iarratais ar dheontas a chur isteach ina n-iomláine ar an bhfoirm iarratais a sholáthraítear. Ní bhreithneoidh an painéal measúnaithe aon ábhar breise.

Faoin Scéim seo, ní féidir le heagraíochtaí incháilithe ach **iarratas amháin** a chur isteach.

Is féidir iarratais a chur isteach:

Ar ríomhphost: grants@ihrec.ie (úsáid an líne ábhair 'Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2021–22' agus Snáithe Téamach [A, B nó C]')

Sa phost: Faoi bhráid: An Fhoireann Deontas
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
16–22 Sráid na Faiche
Baile Átha Cliath 7

Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte Déardaoin, 22 Aibreán 2021, ag a 4.00

i.n. go beacht.

- Caithfear iarratais a chuirtear sa phost nó le cúiréir a fháil faoin sprioc-am agus dáta deiridh.
- Ní ghlacfar le hiarratais ar a bhfuil postmharc an dáta deiridh, má thagann siad i ndiaidh an sprioc-ama.
- Caithfear iarratais a chuirtear ar ríomhphost a fháil i mbosca isteach ríomhphost na ndeontas faoin sprioc-am agus dáta deiridh a shonraítear.

Ní dhéanfar iarratais a thagann sa phost/le cúiréir nó a fhaightear i mbosca isteach ríomhphost na ndeontas i ndiaidh an ama agus an dáta sin a mheas i gcás ar bith.

Fógra Tábhachtach

Tá sé an-tábhachtach má tá an t-iarratas le cur isteach ar ríomhphost go gcuirtear go maith roimh an sprioc-am é chun go mbeadh sé i gcuntas ríomhphoist an deontais faoina 4.00 i.n. Moltar go láidir go gcuirfeadh iarratasóirí a n-iarratais go luath agus 30 nóiméad ar a laghad roimh an sprioc-am mar gheall gur dóigh go mbeidh go leor ríomhphost á gcur chuig an gcuntas.

Tá sé tábhachtach go gcomhlánaítear gach cuid den fhoirm iarratais i gceart. Seiceáil d'fhoirm iarratais faoi dhó sula seoltar í. Ní bhreithneofar iarratais nach bhfuil

comhlánaithe ina n-iomláine agus ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear isteach an athuair i ndiaidh an sprioc-ama i gcás ar bith.

3.2 Foirm Iarratais

Tá sé tábhachtach go líonfadh eagraíochtaí iarratasóra an fhoirm iarratais isteach agus iad ag cur an aidhm fhoriomlán, téama maoinithe agus torthaí a dtacaíonn an scéim deontas leo san áireamh, ionas go gcomhlíonfadh na hiarratais riachtanais an deontais agus gur féidir leis an bpainéal measúnaithe iad a mheas i gceart.

Tá cúig chuid san fhoirm iarratais, agus caithfear gach ceann a chomhlánú go hiomlán:

Cuid A: Sonraí na hEagraíochta

Iarrtar eolas bunúsach sa chuid seo faoin eagraíocht iarratasóra, an ceannasaí don iarratas seo ar dheontas agus – más ábhartha – sonraí aon chomhpháirtí/chomhpháirtithe. Caithfidh d'eagraíocht a bheith cláraithe mar charthanas agus/nó mar chuideachta chun a bheith incháilithe. Cinntigh go dtugtar uimhir charthanais agus/nó uimhir chlárúcháin chuideachta d'eagraíochta.

Cuid B: Snáithe Maoinithe

Iarrtar ar iarratasóirí a thabhairt le fios cén snáithe maoinithe a bhaineann leis an ngníomhaíocht bheartaithe sa chuid seo.

Cuid C: Togra an Tionscadail

Iarrtar ar iarratasóirí sonraí a thabhairt faoin tionscadal a bhfuil siad ag lorg maoiniú lena aghaidh sa chuid seo. Cuimsítear leis sin aidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail, na príomhghníomhartha nó príomhghníomhaíochtaí, an tionchar ar na spriocghrúpaí agus na torthaí beartaithe. Baineann an t-eolas a thugtar sa chuid seo leis an rannóg 'Caighdeán agus Ábharthacht an Togra' sa Scéim Mharcála go háirithe. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go gcinnteodh iarratasóirí go dtugann siad dóthain sonraí soiléire chun go mbeadh an painéal measúnaithe in ann an togra a bhreith agus a scóráil mar is ceart.

Achoimre

Tabhair tuairisc ghearr ar an tionscadal ionas gur léir, le sracfhéachaint, céard é cuspóir an tionscadail, céard é a spriocghrúpa, gníomhaíochtaí agus céard lena bhfuil súil aige a bhaint amach. Moltar an rannóg seo a chomhlánú ag an deireadh.

Aidhm agus Cuspóirí

Leag amach aidhm agus cuspóirí foriomlána an tionscadail, ag léiriú go soiléir an cheist chomhionannais nó ceist chearta an duine ar a bhfuil an tionscadal ag tabhairt aghaidh, ábharthacht an tionscadail don snáithe roghnaithe, rannpháirtíocht daoine a bhfuil cearta acu ann agus a thorthaí inmhianaithe, agus tagairt do thorthaí inmhianaithe na scéime deontas.

Spríocghrúpa

Mínigh go soiléir cé hé an spríocghrúpa/cé hiad na spríocghrúpaí, lena n-áirítear daoine a bhfuil cearta acu agus/nó pobail a mbíonn tionchar orthu agus an chaoi a mbeidh siad rannpháirteach sa tionscadal agus an tairbhe a bhainfidh siad as a rannpháirtíocht.

Garspríocanna Tábhachtacha

Caithfear an tionscadal a dhéanamh sa tréimhse 12 mhí ó mhí Mheán Fómhair 2021 go mí Mheán Fómhair 2022. Sa rannóg seo den iarratas, leag amach amlíne shoiléir de phríomhdhátáí agus príomhghníomhaíochtaí an tionscadail i gcaitheamh na bliana.

Modheolaíocht agus Gníomhaíochtaí an Tionscadail

Tuairisc atá i modheolaíocht an tionscadail ar an gcaoi a dtabharfar faoin tionscadal agus ar a soláthrófar leis. Leag amach míniú mionsonraithe ar an gcur chuige a úsáidfear agus na príomhghníomhartha agus príomhghníomhaíochtaí a dhéanfar. Má theastaíonn cion suntasach den bhuiséad chun gníomhaíocht a chur i gcrích, ba cheart míniú mionsonraithe a thabhairt ar an ngníomhaíocht sin sa rannóg seo.

Más staidéar taighde an tionscadal, ba cheart go sonrúfaí go soiléir san iarratas an chaoi a ndéanfar an taighde agus an chaoi a mbeidh daoine a bhfuil cearta acu páirteach ann. Má táthar ag bailiú sonraí príomhúla, mar shampla, trí shuirbhé ar dhaoine nó ar fhócasghrúpa, ba cheart do na hiarratasóirí a shonrú cé na gníomhartha a dhéanfaidh siad chun a chinntiú go n-úsáidtear cur chuige eiticíúil³

³ Aithníonn dea-chleachtas in eitic taighde nár cheart do staidéir thaighde aon díobháil a dhéanamh; go ndéantar staidéir le toiliú iomlán agus eolach na rannpháirtithe, go gcosnaítear rúndacht agus go gcaithfidh bailiú, stóráil, úsáid agus nochtadh sonraí na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 a chomhlíonadh. Thar aon ní eile, ba cheart go mbeadh aidhmeanna agus cuspóirí an staidéir taighde soiléir,

i leith rannpháirtíocht dheonach, rúndachta, anaithnideachta agus cosaint sonraí.⁴

Torthaí an Tionscadail

Is iad torthaí an tionscadail tionchar inmhianaithe aschuir – gníomhaíochtaí nó gníomhartha – an tionscadail. Ar an bhfoirm iarratais, leag amach torthaí inmhianaithe an tionscadail, an chaoi a ngabfar an fhoghlaim agus cé na táscairí ratha a bheadh i gceist. Déan nasc soiléir idir torthaí an tionscadail agus torthaí na scéime deontas.

Torthaí an Tionscadail a Scaipeadh

Nuair a chuirtear an tionscadal i gcrích, mínigh an chaoi a ndéanfar torthaí an tionscadail a iolrú, a chur chun cinn agus/nó a scaipeadh.

Cuid D: Cumas Eagrúcháin agus Cur i bhFeidhm

Iarrtar sa chuid seo le haghaidh eolais faoi obair na heagraíochta iarratasóra (agus eagraíochtaí comhpháirtíochta nuair is cuí), faoina cumas an tionscadal beartaithe a chur i bhfeidhm, agus faoin gcaoi a soláthrófar an tionscadal beartaithe agus cé a sholáthróidh é. Tabhair samplaí de thaithí ábhartha.

Baineann an t-eolas a thugtar sa chuid seo leis an rannóg ‘Cumas Eagrúcháin agus Cur i bhFeidhm’ sa Scéim Mharcála go háirithe. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go gcinnteodh iarratasóirí go dtugann siad dóthain sonraí soiléire chun go mbeadh an painéal measúnaithe in ann an togra a bhreith agus a scóráil mar is ceart.

Cuid E: Buiséad Tionscadail agus Costálacha

Iarrtar eolas sa chuid seo den iarratas faoin maoiniú atá á iarraidh, an tsuim iomlán atá á iarraidh agus miondealú ar chostais an tionscadail, le míniú mionsonraithe ar gach costas. Ba cheart na costais ar fad a thabhairt in Euro agus ba cheart go mbeadh CBL san áireamh leo. Tá sé tábhachtach go gcinnteodh iarratasóirí go dtugann siad dóthain sonraí soiléire chun go mbeadh an painéal measúnaithe in ann an togra a bhreith agus a

trédhearcach agus ba cheart tabhairt faoi gach céim den phróiseas go macánta agus go hionraic – ó dhearadh an taighde, go giniúint agus anailís sonraí, agus ar deireadh, go foilsiú na dtorthaí.

⁴ Tugtar treoir chuimsitheach (cé nach bhfuil sí uileghabhálach) ar eitic an taighde in Research Ethics Guidance 2021 le Social Research Association: <https://the-sra.org.uk/common/Uploaded%20files/Resources/SRA%20Research%20Ethics%20guidance%202021.pdf>

scóráil mar is ceart. Baineann an t-eolas a thugtar sa chuid seo leis an rannóg 'Costais' sa Scéim Mharcála go háirithe agus ba cheart an-iarracht a dhéanamh míniú mionsonraithe a thabhairt ar an gcaiteachas measta ar fad. Iarrtar ar iarratasóirí miondealú agus míniú a thabhairt ar a gcostais i réimse ceannteideal. Tabhair faoi deara nach mbeadh gach ceannteideal i gceist i ngach cás.

Is iad na ceannteidil sin:

Seirbhísí ar Conradh

Tá sé an-tábhachtach go dtugtar faoi deara nach gclúdaíonn scéim deontais 2021–22 costais croifhostaithe ná fostaithe ar conradh. Clúdaíonn an maoiniú costas conraitheoirí, ar daoine nó cuideachtaí iad a chonraítear faoi chonradh seirbhíse chun tacú le cur i gcrích an tionscadail.

D'fhéadfaí a áireamh le conradh seirbhíse, mar shampla, táillí conraitheoirí a fhostú chun tabhairt faoi thaighde (lena n-áirítear taighdeoir piara), chun saineolas, oiliúint, éascú, comhordú tionscadail nó riaracháin tionscadail a sholáthar le haghaidh chúrsaí chearta an duine agus comhionannais. I gcás gach conraitheora, leag amach go soiléir na costais in aghaidh na huaire/an lae agus líon na n-uaireanta/laethanta a bhfuiltear ag súil leo.

Costais Imeachta

Mar shampla: cíos ar ionad, seomraí cruinnithe, sólaistí.

Taisteal agus Cothabháil

Mar shampla: taisteal agus cothabháil aoi-chainteoirí nó tacaíocht réasúnta do rannpháirtithe chun páirt a ghlacadh i dtionscadal nó freastal ar imeacht, má mheastar gur gá sin.

Costais Bholscaireachta

Tugtar an líne chostais seo chun tacú le cur chun cinn na feasachta ar thorthaí an tionscadail. Más feachtas feasachta é an tionscadal féin a dteastaíonn buiséad suntasach uaidh, caithfear é a mhíniú go hiomlán agus go mionsonraithe sa rannóg faoi mhodheolaíocht an tionscadail freisin.

D'fhéadfaí a áireamh leis an líne chostas seo, mar shampla, poiblíocht agus fógraíocht d'imeacht nó do thionscadal, cló agus dearadh, costais TFC le haghaidh tacaí ar líne agus meáin shóisialta.

Ceannach Ábhar

Mar shampla: ábhar oiliúna, fótachóipeáil nó páipéarachas.

Costais Eile

Ba cheart costais eile a thiocfaidh chun cinn a shonrú go soiléir agus caithfidh siad a bheith ina gcostais incháilithe.

Riaradh

Ceadaítear táille chomhréidh 10% d'eagraíochtaí incháilithe a fhaigheann deontais.

Costais nach bhfuil Incháilithe

Níl na gníomhaíochtaí ná na costais seo a leanas incháilithe agus ní bhreithneofar iad le haghaidh maoiniú:

- Croícostais eagraíochta, forchostais ina measc;
- Tuarastail croífhostaithe nó fostaithe ar conradh;
- Costais nach mbaineann leis an tionscadal san iarratas;
- Costais shiarghabhálacha – gníomhaíocht a tharla cheana féin roimh an dáta ar ceadaíodh an t-iarratas;
- Maoiniú tráchtas iarchéime;
- Ceannach trealamh TF nó oifige nó soláthairtí ginearálta oifige;
- Gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid;
- Gnéithe atá á maoiniú ó fhoinsí eile cheana féin;
- Tionscadail nó gníomhaíochtaí as a n-eascraíonn gníomhaíocht tráchtála nó brabús.

Cuid F: Dearbhuithe Éigeantacha

Sa chuid seo, éilítear ar iarratasóirí a dhearbhú go dtuigeann agus go nglacann siad leis na forálacha um Shaoráil Faisnéise a bheidh i bhfeidhm ar iarratais faoin scéim deontas seo. Éilítear ar iarratasóirí a dhearbhú freisin go dtuigeann agus go nglacann siad le Séanadh a deir nach mbeidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi dhliteanas don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile maidir le haon chaillteanas, damáiste nó costais a eascraíonn go díreach nó go hindíreach as: (a) an t-iarratas nó ábhar an iarratais; (b) diúltú don iarratas ar chúis ar bith.

Iarrfar ar iarratasóirí a bhfuil coinbhleacht leasa fhéideartha acu é sin a dhearbhú, ar mhaithe le trédhearcacht.

4 Measúnú agus Marcáil

4.1 Meastóireacht ar Iarratais

Scagfar na hiarratais ar fad chun a n-incháilitheacht a sheiceáil. Beidh iarratais incháilithe:

- istigh in am;
- comhlánaithe go hiomlán; agus
- á gcur isteach ag iarratasóir incháilithe.

Tionólfar painéal go speisialta chun na hiarratais incháilithe ar fad a mheasúnú. Beidh comhaltaí foirne ábhartha ón gCoimisiún agus saineolaithe seachtracha neamhspleácha ar an bpainéal measúnaithe do Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2021–22.

4.2 Marcáil agus Critéir Mheasúnaithe

Déanfar measúnú ar iarratais incháilithe de réir na gcritéar agus na scéime marcála seo a leanas:

- Caighdeán agus ábharthacht an togra ó thaobh chearta an duine agus comhionannais de (50 marc);
- Cumas Eagrúcháin agus Cur i bhFeidhm (30 marc); agus
- Costais (20 marc).

Tá tuilleadh sonraí faoin scéim mharcála seo in [Aguisín B](#) thíos.

4.3 Fógra faoin Toradh

Seolfar litir nó ríomhphost chuig gach iarratasóir, beag beann ar cé mar a éiríonn leo, faoi thoradh phróiseas an mheasúnaithe.

4.4 Coinníollacha Tairisceana

Éileofar ar iarratasóirí a n-éiríonn leo Comhaontú Deontais a shíniú, a áireoidh i measc nithe eile:

- Dearbhú ar dheimhniú imréitigh cánach bailí agus cothrom le dáta;
- Dáta tosaigh agus críochnaithe don tionscadal;
- Ráiteas ar ghníomhaíochtaí agus ar ghníomhartha atá le soláthar;
- Suimeanna maoinithe agus socruithe faoi mhaoiniú a tharraingt anuas;
- Ceanglais maidir le hathbhreithniú tionscadail, tuairisciú agus airgeadas;

- Ceanglais maidir le caiteachas deimhnithe, lena n-áirítear sonraisc agus fianaise ar íocaíocht (ráitis bhainc a léiríonn na hidirbhearta íocaíochta, stampa ÍOCTHA ar an sonraisc, duillín íocaíochta, srl.) a thaifeadtar ar an bhfoirm caiteachais airgeadais a chuireann an Coimisiún ar fáil;
- Ceanglais shonracha iarratasóirí maidir le fógraíocht, úsáid lógónna, srl.;
- Dearbhú sínithe chun a dheimhniú nach bhfuil an eagraíocht ag fáil maoiniú ó chistí poiblí eile don tionscadal seo.
- Caithfear gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin Scéim Deontas a chur i gcrích laistigh de 12 mhí ón dáta a sínítear an Comhaontú Deontais; agus
- Buiséad mionsonraithe a chuirtear isteach san iarratas.

Caithfear na cáipéisí airgeadais ar fad a iarrtar sa litir thairisceana chucu siúd a gheobhaidh an deontas a **sheoladh ar ais tráth nach déanaí ná trí seachtaine** i ndiaidh an comhaontú a fháil ón gCoimisiún. A luaithe is a dhéantar na cáipéisí a athbhreithniú agus a cheadaítear an deontas, iarrfar ar an té a gheobhaidh an Deontas Comhaontú Deontais sínithe a chur ar ais i dteannta sonraisc don chéad íocaíocht faoin deontas.

4.5 Íocaíocht Deontais

Déantar socruithe le tráthchodanna deontais a tharraingt anuas bunaithe ar caiteachas deimhnithe. Mar sin beidh ar an té a fhaigheann an Deontas a rá go foirmiúil go bhfuil admhálacha ar fáil don chaiteachas ar fad agus go bhfuil cuntas air. Sonrófar na riachtanais airgeadais iomlána sa Chomhaontú Deontais. Íocfar an maoiniú ina dhá thráthchuid ar a laghad. Ní dhéanfar na híocaíochtaí deiridh go dtí go gcuirtear an tionscadal i gcrích, agus go bhfaightear na tuairiscí tionscadail agus airgeadais ina ndeimhnítear na costais ar fad atá á n-éileamh.

4.6 Tuairiscí Monatóireachta agus Eatramhacha

Ceanglaítear orthu siúd a fhaigheann Deontas tuairisc dhéimhíoch ghairid airgeadais agus feidhmíochta, ina leagtar amach aon chaiteachas, a chur isteach chomh maith le hadmhálacha deimhnithe agus aon dul chun cinn a rinneadh ar chur i bhfeidhm an tionscadail. Ba cheart litir dhearbhaithe a síníodh ar leibhéal bainistíochta na heagraíochta a chur leis na tuairiscí.

4.7 Tuairisc Dheiridh Tionscadail agus Airgeadais

Déanfar cur síos gairid sa Tuairisc Dheiridh ar an Tionscadal ar an tionscadal, agus áireofar ann:

- Achoimre ar na gníomhartha agus gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu;
- Éachtaí nó torthaí an tionscadail; agus
- Measúnú ar an gcaoi ar comhlíonadh cuspóirí an tionscadail;

Leagfar amach freisin an caiteachas iomlán don tionscadal agus cuirfear aon admhálacha deimhnithe agus sonraisc íoctha nár cuireadh isteach fós léi.

D'fhéadfadh an Coimisiún cóip d'aon ábhar foilsithe ón tionscadal a iarraidh freisin.

4.8 Lógó an Choimisiúin a Úsáid

Tá lógó sonracha a admhaíonn gur mhaoinigh an Coimisiún an tionscadal ar fáil agus caithfear é a chur ar gach foilseachán, cur i láthair agus fógraíocht faoin tionscadal. Tá an lógó agus treoirlínte sonracha faoin gcaoi agus faoin áit lena úsáid ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.ihrec.ie.

4.9 Athbhreithniú an Choimisiúin

Coinníonn an Coimisiún an ceart chuige féin tabhairt faoi athbhreithniú ar thionchar a scéime deontas. Iarrfar ar iarratasóirí a n-éiríonn leo a dhearbhú go gcomhoibreoidís le hathbhreithniú dá leithéid dá dtabharfaí faoi.

5 Tacaíocht d'Iarratas ar Dheontas IHREC

Má bhíonn aon cheist agat faoi ghné ar bith den Scéim Deontas, beidh an Fhoireann Deontas an-sásta cabhrú leat. Seol ríomhphost chuig **grants@ihrec.ie** leis an líne ábhair 'Ceist faoi Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2021–22'.

Tabhair faoi deara, a luaithe a chuirtear iarratas ar dheontas faoi bhráid an Choimisiúin, ní bheidh sé in ann tabhairt faoi chomhfhreagras aonair ná scríofa agus ní bheidh sé in ann ceisteanna incháilitheachta a athbhreithniú le hiarratasóirí.

Aguisín A: Ráiteas Straitéise 2019–2021 de chuid IHREC

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1: Cearta na ndaoine aonair a bhfuil na

constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint

Cuspóirí

- A chinntiú trí fheachtais eolais phoiblí agus teagmháil idirghníomhach dhigiteach go bhfuil tuiscint fhorleathan ar chearta agus comhionannas daoine aonair agus ar na bealaí chun iad a bhaint amach.
- An t-eolas, na scileanna agus an fhaisnéis a theastaíonn a thabhairt do dhaoine a bhfuil idirdhealú agus sárú ar chearta an duine rompu chun a gcearta a bhaint amach.
- Cabhrú le daoine aonair i gcásanna a bhfuil imní faoi leith fúthu chun a gcearta a bhaint amach trínár gcumhachtaí forfheidhmithe.

Torthaí

- Feasacht níos fearr i measc an phobail ar chearta agus comhionannas agus tuiscint ar na mbealaí chun iad a bhaint amach.
- Rannpháirtíocht níos mó idir foireann an Choimisiúin agus na daoine sin a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach trí Do Chearta agus pointí rochtana eile.
- Dlithíocht straitéiseach éifeachtach, lena n-áirítear úsáid ár bhfeidhme *amicus curiae* os comhair na nUaschúrteanna.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2: Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas

Cuspóirí

- An rialtas, comhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí agus gnóthaí a thabhairt chun cuntais.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise trí chlár taighde gníomhach agus leanúnach.
- Ár gcumhachtaí forfheidhmithe a úsáid, lena n-áirítear tabhairt faoi fhiosrúchán, de réir mar is cuí agus is oiriúnaí, agus tosóimid ag cur Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine i bhfeidhm.

Torthaí

- Tionchar níos fearr ag ár n-idirghabhálacha ar fud na bhfeidhmeanna ar fad.
- Feasacht níos airde faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus cur i bhfeidhm feabhsaithe an dualgais sin.
- Comhlíonadh éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine trí fhorfheidhmiú.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3: Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine

Cuspóirí

- Rannpháirtíocht an phobail in obair an Choimisiúin a mhéadú.
- Caidrimh leis an tsochaí shibhialta a threisiú agus timpeallacht chumasaithe a chothú d'fhorbairt chearta an duine, lena n-áirítear trí struchtúir fhoirmiúla na gcoistí comhairleacha.
- Plé le haon eagraíocht a bhaineann lenár sainordú agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn.

Torthaí

- Measann an tsochaí shibhialta, páirtithe leasmhara eile agus daoine aonair go bhfuil an Coimisiún oscailte, freagrúil agus measúil.
- Leathnaíonn an Coimisiún an t-eolas ar ár gcuid oibre go náisiúnta agus cuireann sé le daoine sa mhórphobal ag úsáid ár gcumhachtaí cúnamh dlí.
- Fanann an Coimisiún ar an eolas faoi cheisteanna chearta an duine agus comhionannais atá ag teacht chun cinn agus bíonn sé ag súil leo roimh ré.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 4: Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú

Cuspóirí

- Cultúr láidir agus roinnte measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a éascú, lena n-áirítear trí oideachas, go háirithe tuiscint an aosa óig.
- Tuiscint ar chearta an duine mar chearta gaolmhara agus idirspleácha a chur chun cinn, le béim faoi leith ar chearta socheacnamaíocha.
- Bheith ag súil le cúrsaí roimh ré, iad a shainathint agus aird a tharraingt orthu, ionas gur féidir leis an gCoimisiún freagairt go cuí do chúrsaí chearta an duine agus comhionannais sa Stát.

Torthaí

- Léiríonn tomhais ar mheon an phobail go bhfuil tuiscint ar luach na héagsúlachta agus meas ar chearta an duine agus comhionannas.
- Tionchar dearfach ar dhearccháí gach duine maidir le cearta, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha.
- Tionchar dearfach ar raon agus ar ábhar an chuir agus cúitimh phoiblí chun a chinntiú go bhfuil meas ar chearta an duine ar fud ardáin uile na meán.

ÚSÁID ACMHAINNÍ FAOI ALT 25(2)

Agus ceanglas alt 25(2) maidir le húsáid acmhainní á chomhlíonadh, chinn an Coimisiún ar sciar suntasach dá bhuiséad a úsáid ar cheithre ghné dá chuid oibre a chur chun cinn.

Teacht ar cheartas a chur chun cinn

Pé rogha théamach atá i gceist, táimid tiomanta do thacú le daoine a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach mar chuid de chosaint chearta an duine agus comhionannais do chách.

Ceartha socheacnamaíocha

Creidimid go bhfuil ról bunúsach ag glacadh agus feidhmiú cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha i sochaí níos cothroime, níos ionchuimsithí agus níos inbhuanaithe a chruthú. Táimid tiomanta do chearta socheacnamaíocha agus coimirce shóisialach gach teaghlaigh agus duine aonair a chur chun cinn. I measc réimsí téamacha na gceart socheacnamaíoch, tabharfaimid tús áite do: Tithíocht, Sláinte agus Obair Chuibhiúil⁵

Ciníochas a shárú agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn

Tá troid i gcoinne an chiníochais agus na fuathchainte riachtanach chun glacadh éagsúlachta agus meas ar dhínit gach duine a thógáil. Táimid tiomanta do ról ceannaireachta a imirt i gciníochas a shárú agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn.

Míchumas

I ndiaidh dhaingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas, táimid tiomanta do Choiste Comhairleach ar Chúrsaí Míchumais a bhunú chun cur lenár ról mar an monatóir neamhspleách ar chearta daoine faoi mhíchumas sa Stát.

5 Sainmhíniú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ar Obair Chuibhiúil - 2019 "Bionn deiseanna ag baint léi d'obair atá táirgiúil agus a thugann ioncam cothrom, slándáil sa láthair oibre agus cosaint shóisialta do theaghlaigh, ionchais níos fearr d'fhorbairt phearsanta agus ionchuimsiú sóisialta, saoirse do dhaoine a n-ábhar imní a chur in iúl, eagrú agus páirt a ghlacadh sna cinntí a théann i bhfeidhm ar a saol agus comhionannas deise agus cóireála do gach bean agus fear."

Aguisín B: Tionscadail Bunaithe ar Chearta an Duine agus Comhionannas

Cuireann an cur chuige bunaithe ar chearta an duine agus an creat a cheap Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Chearta an Duine an bonn eolais faoi Threoir Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, á threorú ag caighdeáin idirnáisiúnta do chearta an duine agus tá sé dírithe ó thaobh na hoibre de ar chearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint.⁶ Baineann an cur chuige sin le daoine (a bhfuil cearta acu) a chumasú chun tuiscint a fháil ar a gcearta, chun eolas a fháil ar a gcearta agus iad a éileamh agus chun go méadófar cuntasacht na ndaoine aonair agus na n-institiúidí (iad siúd ar a bhfuil dualgais) atá freagrach as aird a thabhairt ar chearta agus iad a chomhlíonadh agus as cosaint a thabhairt ar idirdhealú agus ar shárú chearta an duine.

Ciallaíonn sé sin deiseanna níos fearr a thabhairt do dhaoine chun páirt a ghlacadh i múnú na gcintí a imríonn tionchar ar a gcearta daonna agus ar chomhionannas a bhaint amach. Ciallaíonn sé freisin cumas na ndaoine atá freagrach as cearta a chomhlíonadh a mhéadú chun go n-aithneoidh siad na cearta sin agus go mbeidh a fhios acu cén chaoi le haird a thabhairt orthu, agus a bheith cinnte gur féidir iad a choinneáil freagrach. Baineann sé lena chinntiú go gcomhtháthaítear caighdeáin agus prionsabail chearta an duine i gceapadh beartas agus i réachtáil eagraíochtaí ó lá go lá.

⁶ <https://www.ohchr.org/Documents/Publications/PovertyStrategiesen.pdf> íoslódáilte an 17 Feabhra 2020

Aguisín C: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Ó 2014 i leith, tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ina chuid den chreat reachtach a rialaíonn cearta an duine agus comhionannas in Éirinn.

Oibleagáid Reachtúil

Leagann Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá ann:

- an t-idirdhealú a dhíchur;
- comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn; agus
- cearta an duine atá ag a chomhaltaí, a fhoireann agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Cuireann Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine comhionannas agus cearta an duine ag croí an chaoi a gcomhlíonann comhlacht poiblí a chuspóir agus a gcuireann sé a phlean straitéiseach i bhfeidhm.

Ceanglaítear in Acht 2014 ar chomhlacht poiblí, ag féachaint d'fheidhmeanna agus do chríoch (cuspóir) an chomhlachta agus dá mhéid agus do na hacmhainní atá ar fáil dó:

1. **Measúnú** - measúnacht a leagan amach ina phlean straitéiseach ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a chreideann sé is iomchuí maidir le feidhmeanna agus chríoch an chomhlachta;
2. **Aghaidh a thabhairt ar** - na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá ar bun nó a bheartaítear a chur ar bun d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin a leagan amach ina phlean straitéiseach;
3. **Tuairisciú** - tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar a bhfuil bainte amach ina thuarascáil bhliantúil.

De bharr na hoibleagáide chun an Dualgas a chomhtháthú i bplean straitéiseach agus tuarascáil bhliantúil comhlachta poiblí, is próiseas leanúnach é ceisteanna comhionannais agus cearta an duine a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu, próiseas a chaithfear a athbhreithniú agus a fhorbairt de réir timthrialta pleanála straitéisí.

Ról an Choimisiúin: Treoir agus Forfheidhmiú

Is féidir le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí, agus iad a spreagadh, le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i leith chearta an duine agus comhionannais. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil fianaise ann gur theip ar chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh de réir Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine féadfaidh sé iarraidh ar chomhlacht poiblí tabhairt faoi athbhreithniú, nó plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna, nó an dá rud a dhéanamh. D'fhéadfaí go ndíreofaí san athbhreithniú nó sa plean gníomhaíochta ar chomhionannas deiseanna agus cearta an duine go ginearálta, nó ar ghné áirithe de chearta an duine nó idirdhealú sa chomhlacht, nó an dá rud.

Céard is comhlacht poiblí ann?

Áirítear leis an sainmhíniú ar chomhlacht poiblí chun críche an Dualgais:

- Roinn Stáit;
- Údarás áitiúil;
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
- Ollscoil nó institiúid teicneolaíochta;
- Bord oideachais agus oiliúna;
- Duine, comhlacht nó eagrais ar bith eile arna bhunú faoi reacht, nó faoi scéim ar bith a riarann Aire Rialtais, gan Óglaigh na hÉireann san áireamh;
- Comhlacht arna mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach ag Aire Rialtais nó thar ceann Aire Rialtais, de bhun cumhachtaí a thugtar le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile;
- Comhlacht a bhfuil na scaireanna móraimh i seilbh Aire Rialtais nó thar ceann Aire Rialtais Ina theannta sin, féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais duine, comhlacht, eagrais nó grúpa ar bith eile arna mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach as airgead arna soláthar ag an Oireachtas, a fhorordú mar chomhlacht poiblí, i ndiaidh comhairliúcháin le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Tá níos mó eolais faoi na tionscadail sin agus faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.ihrec.ie

Aguisín D: Scéim Mharcála

Critéir	Cur síos	Uasmharc ar fáil
<p>Caighdeán agus Ábharthacht an Togra</p>	<p>Caighdeán agus ábharthacht an togra chun cearta agus comhionannas sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, ciníochas agus idirdhealú ciníoch a shárú nó cearta daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn ó thaobh chearta an duine agus comhionannais de:</p> <ul style="list-style-type: none"> – An leagtar amach na haidhmeanna agus cuspóirí go soiléir? – An bhfuil míniú agus réasúnaíocht shoiléir ann faoi cén cheist shonrach chomhionannais nó cheart an duine agus spriocghrúpa(i) a dtugtar breac-chuntas orthu sa togra a roghnaíodh agus cén fáth? – An léir cén chaoi a dtabharfar faoin tionscadal nó faoin staidéar taighde agus an bhfuil na gníomhartha nó gníomhaíochtaí agus amlíne soiléir agus réalaióch? – An leagtar amach go soiléir rannpháirtíocht daoine a bhfuil cearta acu agus/nó pobal? – An bhfuil soiléireacht ann maidir lena bhfuil súil ag an togra a bhaint amach (torthaí) chun cearta agus comhionannas sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, ciníochas agus idirdhealú ciníoch a shárú nó cearta daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn? – An bhfuil sé d’aidhm ag an togra bearnaí i gcearta agus comhionannas sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, ciníochas agus idirdhealú ciníoch a shárú nó cearta daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn a shainnithint nó aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin? 	<p>50</p>

<p>Cumas eagrúcháin agus cur i bhfeidhm</p>	<p>Indéantacht agus creidiúnacht phlean an togra:</p> <ul style="list-style-type: none"> – An bhfuil na gníomhartha nó gníomhaíochtaí réalaíoch agus indéanta, i dtéarmaí torthaí a bhfuil súil leo a bhaint amach agus i dtéarmaí an togra a chur i bhfeidhm san am a shonraítear? <p>Cumas an tionscadal a chríochnú ar ardchaighdeán agus laistigh den am a shonraítear</p> <ul style="list-style-type: none"> – An bhfuil fianaise ar chuntas teiste maith, bainistíocht airgeadais ina measc, agus torthaí inláimhsithe ó thionscadail roimhe seo, ceachtanna a foghlaimíodh ina measc? – An bhfuil cumas na heagraíochta an togra a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm soiléir san iarratas? 	<p>30</p>
<p>Costais</p>	<p>Costálacha agus luach ar airgead:</p> <ul style="list-style-type: none"> – An leagtar amach gach mír bhuiséid go soiléir sa togra agus an mínítear go mionsonraithe iad? – An bhfuil na costálacha réalaíoch? – An mbreithnítear luach ar airgead sa bhuiséad? .i. – An saináithnítear aon réimsí inar chuir luach ar airgead bonn eolais faoin gcur chuige i leith an togra a chur i bhfeidhm? – Soiléirigh an réasúnaíocht le haghaidh réimsí sonracha den leithdháileadh buiséid de réir mar is cuí agus mínigh an chaoi a meastar go gcuirfidh an leithdháileadh buiséid sin leis na torthaí a bhaint amach; 	<p>20</p>
<p>Marcanna iomlána ar fáil</p>		<p>100</p>

**16–22 Sráid na Faiche,
Baile Átha Cliath, D07 CR20**
16 – 22 Green Street,
Dublin, D07 CR20
Idirlíon/Web www.ihrec.ie

@_ihrec